# Scéal, Scéal, Scéal…

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**17 Samhain 2022** || Eagrán 122

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga…

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# GAEILGE AR AN TEALLACH


Sheol Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga leabhrán nua le gairid, dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile. 'Sí Nóra Seoighe a réitigh an t-ábhar don leabhrán - tá Nóra ag múineadh leis an bhFóram le tamall anois, ag díriú go sonrach ar thuismitheoirí. Díríonn an leabhrán ar théamaí agus gnéithe éagsúla de shaol laethúil an teaghlaigh - na míonna, na laethanta, na huimhreacha chomh maith leis an gclann, an aimsir agus an scoil. Cuirtear na téarmaí Gaeilge, chomh maith leis an aistriúchán Béarla ar fáil sa leabhrán. Chomh maith le sin, má leantar an cód QR taobh istigh den leabhar, tabharfar chuig suíomh idirlín An Fhóraim chugat áit gur féidir éisteacht le taifeadadh fuaime d'ábhar an leabhráin. Is féidir cóip den leabhrán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Pleanála Teanga ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com






# ÉIGSE JOE STEVE

Ní fada anois go gcuirfear tús le Éigse Joe Steve - ceiliúradh ar shaol agus saothar Joe Steve Uí Neachtain, atá eagraithe ag Comharchumann Shailearna Teo agus Coiste Eagraithe Éigse Joe Steve. Is iomaí tacaíochta atá faighte ag an gceiliúradh ó eagraíochtaí áitiúla - Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga, Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Tigh Standún san áireamh. Bhí sé beartaithe go mbeadh Éigse Joe Steve ar siúl níos luaithe sa bhliain, ach glacadh cinneadh an ceiliúadh a chur siar ag an am, le cloí le treoirlínte sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am. Cuirfear tús leis an Éigse ar an Aoine 18ú Samhain agus mairfidh sé go dtí an Luan 21ú Samhain - cuireadh oíche bhreise leis an seó beo de bharr éileamh! Tá réimse leathan ócáidí agus imeachtaí ar siúl. Is féidir ticéad a fháil ag Oifig an Chomhar chumainn nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an oIfig ar 091 399199 le ticéad a cheannach. Gearrfar costas €10 ar dhuine fásta agus €5 ar ghasúr/scoláire.




**Ticéid 'Seó Beo Joe' Dé Sathairn & Dé Domhnaigh**
Ticéid ar fáil in oifig an Chomhcharchumainn
Déan teagmháil linn:
Guthán: 091 399199 Ríomhphost: sailearna@gmail.com
Costas: Daoine Fásta €10; Gasúir/Scoláirí: €5

CSC

Eagraithe ag
**Comharchumann Shailearna Teoranta**
agus **Coiste eagraithe Éigse Joe Steve**

*Sonraí Teagmhála:*
Comharchumann Shailearna 091 399199
*Rphost:* sailearna@gmail.com;
*Suíomh idirlín:* www.cst.ie
*Facebook:* Comharchumann Shailearna

ealaín — Ealaín na Gaeltachta Teoranta
Údarás na Gaeltachta
Cois Fharraige — fóram um pleanáil teanga
Foras na Gaeilge
RTÉ Raidió na Gaeltachta 50
TG4
Standún



# POTA

## CAFÉ

## Taispeántas Cócaireachta Nollag

Bain an strus as cócaireacht na Nollag
le cúpla cleas cliste agus cúpla oideas simplí
don dinnéar féin agus don tréimhse i gcoitinne.

Scailtín Fíona agus Pióga Mionra

páirtmhaoinithe ag
Fóram Chois Fharraige
um Pleanáil Teanga

**2-5pm**
**Domhnach**
**27/11**
**€15**




Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga


gnáthphraghas €20, lascaine a bhuíochas le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga


**Déan teagmháil le: optchoisfharraige@gmail.com (083 010 6294) le ticéad a fháil nó is féidir ticéad a cheannach ar líne ag: https://www.eventbrite.ie/e/pota-cafe-taispeantas-cocaireachta-nollag-tickets-451891829627**

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

**Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an gCéadaoin, 14 Nollaig @ 9i.n., Tigh Mholly in Indreabhán leis an leabhar taistil 'Seacht dTír Seacht dTeanga' le Diarmuid Johnson a phlé. Is féidir cóip den leabhar a cheannach ag www.leabharbreac.com Tar éis brise na Nollag, tiocfaidh an club ar ais le chéile ar an gCéadaoin, 18ú Eanáir i dTigh Mholly arís leis an leabhar filíochta 'Tonn Teaspaigh' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh agus an leabhar neamhfhicsean 'An Ghaeilge agus an Eiceolaíocht' le Michael Cronin a phlé.**



# LÉAMH MÓR NA GAILLIMHE

Eagraíonn Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe 'Léamh Mór na Gaillimhe' (Galway's Great Read) le linn mí na Samhna le cúpla bliain anuas. Tá de chuspóir leis oidhreacht, stair agus cultúr sainiúil litríocht na Gaillimhe a chur chun cinn chomh maith le haird agus tuiscint a chothú ar a bhfuil de shaíocht agus d'ilghnéitheacht ag baint leis. I mbliana tabharfaidh Léamh Mór na Gaillimhe 2022 ar thuras liteartha muid le cósta thiar theas Chonamara. Beidh muid ár dtumadh féin sa timpeallacht álainn agus san oidreacht luachmhar, ag caitheamh seal san áit ar breacadh focla, ar casadh amhráin, ar insíodh scéalta agus ar cumadh filíocht. Buail isteach chuig Leabharlann an Spidéil, Dé Máirt, 22 Samhain, agus Leabharlann na Ceathrún Rua, Déardaoin, 24 Samhain idir 6.30 agus 8.00 i.n agus tar ar camchuairt le ceol agus filíocht scríbhneoirí iarthar na tíre léithéidí Mháirtín Uí Chadhain, Joe Steve Uí Neachtain agus Caitlín Maude.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEOLADH LEABHAIR: TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Beidh ócáid álainn ar bun ag Tuismitheoirí na Gaeltachta ar an Aoine 2 Nollaig ón 6-8 sa gCrompán ar an gCeathrú Rua nuair a sheolfar an leabhar 'Comhrá Cosáin: Agallaimh Bheirte agus Lúibíní do Dhaoine Óga' curtha in eagar ag Fearghas Mac Lochlainn agus foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá 30 údar ó Chonamara páirteach sa leabhar speisialta seo. Ócáid teaghlaigh a bheidh i gceist agus beidh margadh leabhar agus earraí Nollag ann le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Cló Iar-Chonnacht.

# GRADAIM GHNÓ GHLÓR NA NGAEL BRONNTA AR CHOMHLACHTAÍ CHOIS FHARRAIGE

**Bronnadh gradaim ghnó ar dhá chomhlacht Chois Fharraige le gairid ag searmanas álainn i Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath. Is scéim aitheantais í GRADAIM, de chuid Glór na nGael, do ghnólachtaí atá ag úsáid na Gaeilge mar chuid den ghnó, nó atá ag cur seirbhíse trí Ghaeilge ar fáil dá gcustaiméirí. Bronntar na gradaim ar ghnóanna as méid áirithe a dhéanamh maidir le úsáid na Gaeilge faoi thrí mhór-réimse, mar atá 1. Comharthaíocht 2. Brandáil agus Margaíocht 3. Seirbhís Ghaeilge do Chustaiméirí & Cliant. Sprioc amháin a bhaineann leis na gradaim ná go mbeidh pobail na Gaeilge agus Gaeltachta ar an eolas go bhfuil caighdeán áirithe bainte amach ag an ghnó sna réimsí sin. Bronnadh boinn óir ar an gcaifé POTA in Indreabhán, agus ar Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal as ucht a gcuid comharthaíochta, a gcuid brandála agus margaíochta chomh maith leis an ardchaighdeán de sheirbhísí a chuirtear ar fáil dá gcustaiméirí trí mheán na Gaeilge.**



**Comhghairdeachas ó chroí leis an bhfoireann uilig ag POTA agus Cló Iar-Chonnacht.**



GRADAIM
GNÓ NA hÉIREANN

# Oíche Áilleachta
## CHOIS FHARRAIGE





Á chur i láthair ag
Máire Treasa Ní Dhubhghaill



**Tigh Standún**
**Déardaoin 1 Nollaig**
**@7:00i.n**

Raifil, duaiseanna & soláistí.

**Síntiúis ar an oíche ag dul chuig 'Breast Cancer Ireland'**

C BEAUTY

STANDÚN SPIDDAL

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

BREAST CANCER IRELAND
researching a cure


Síoda
Hair & Beauty

# CUAIRT SPEISALTA DO DHALTAÍ CHOLÁISTE CHOLMCILLE

Tháinig ambasadóir na Gaeilge de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael chuig Coláiste Cholmcille an mhí seo caite. Chroch sé an Ghaelbhratach a bhain an scoil amach le linn na scoilbhliana seo caite. Thug sé caint inspioráideach do scoláirí bhliain a haon, dó agus trí chomh maith le coiste an Ghaelbhrataigh maidir leis an nGaeilge. Mhínigh sé gur de bhunadh Ghaeltacht Chonamara a chuid tuismitheoirí agus go bhfuil páirt mhór ag an nGaeilge ina shaol féin. Mheabhraigh sé na deiseanna iontacha atá leis an teanga, ní amháin gur múinteoir Gaeilge é Paul ach faigheann sé deiseanna tráchtaireachta a dhéanamh ar chluichí spóirt le TG4. Fuair na scoláirí an deis é a cheistiú chomh maith agus chuir siad neart ceisteanna air maidir le cúrsaí peile!

# RANGANNA ACLAÍOCHTA LE CHRISTINE COX

Tá ranganna aclaíochta á reáchtáil ag Christine Cox, sa Spidéal agus ar an Tulach. Cuireadh tús le cúrsa amháin i Halla Scoil Éinne sa Spidéal ar an Déardaoin 10ú Samhain - bíonn rang ciorcad ar siúl @ 7i.n. agus rang pilates @ 8i.n. Maireann an cúrsa sé seachtaine. Chomh maith le sin, cuireadh tús le campa aclaíochta ar an Luan 14ú i Halla na Tulaigh @ 7i.n. agus leanadh é sin le rang pilates sa halla @ 8i.n. Le níos mó eolais a fháil faoi na ranganna is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277 Deis iontach atá ann dóibh siúd le suim acu i gcúrsaí aclaíochta le Gaeilge, nó daoine atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge ar bhealach taitneamhach agus fisiciúil!



# CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Cé nach raibh scannán á thaispeáint ag Club Scannán Sailearna an tseachtain seo, de bharr go raibh an amharclann á réiteach le haghaidh Éigse Joe Steve, fillfidh an club ar an seanscoil ar an Déardaoin 24 Samhain. Taispeánfar scannán ón bhFrainc, 'Between Two Worlds', ag tosú ag 8.15i.n. Níl ach trí scannán eile fágtha i Séasúr Scannán an Fhómhair, ina measc an scannán 'Róise agus Frank', a bheas ar bun ar an 8 Nollaig. Moltar do dhaoine ar mhaith leo an scannán iontach seo a fheiceáil suíochán a chur in áirithe go luath, mar go mbeidh éileamh mór ar na ticéid. Is féidir ticéad a fháil don scannán ach dul ag an suíomh www.clubscannan.ie, agus na treoracha a leanúint. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh ticéid ar fáil ag an doras ar an oíche.

